TREORACHA

TREOIR CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/415 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Márta 2021

lena leasaítear Treoracha 66/401/CEE agus 66/402/CEE ón gComhairle chun grúpaí tacsanomaíocha agus ainmneacha speiceas áirithe síolta agus fiailí a oiriúnú don dul chun cinn atá déanta san eolas eolaíoch agus teicniúil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(1)(A)(a) agus Airteagal 21a de,

Ag féachaint do Threoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú ([2]), agus go háirithe Airteagal 2(1)(A) agus Airteagal 21a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta san eolas eolaíoch, rinneadh athbhreithniú ar na hainmneacha luibheolaíocha atá ar feisciú crua agus broimfhéar, chomh maith leis na hainmneacha luibheolaíocha atá ar chruithneacht, cruithneacht chrua, speilt, sorgam agus sorgam Súdánach, i gcomhréir le rialacha an Chóid Idirnáisiúnta um Ainmníocht le haghaidh algaí, fungas agus plandaí.

(2) Rinneadh athbhreithniú ar an ainm luibheolaíoch ar fheisciú crua ós rud é gur foilsíodh go bailí an t-ainm *Festuca trachyphylla* (Hack.) Hack. níos luaithe ná an t-ainm *Festuca trachyphylla* (Hack.) Krajina. Níor foilsíodh *Elytrigia repens*, mar an t-ainm luibheolaíoch ar bhroimfhéir, go bailí. Ina ionad sin, leagadh síos *Elymus repens* mar an t-ainm luibheolaíoch bailí ar an speicis sin.

(3) Le cur chuige géanóm-bhunaithe agus fíligineacht-bhunaithe maidir le tacsanomaíocht na speiceas *Triticum*, tá sé deimhnithe anois gur fospeicis de speicis eile iad an chruithneacht chrua agus an speilt, rudaí a measadh a bheith ina speicis neamhspleácha roimhe seo. Dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar an ainm luibheolaíoch a bhí ar chruithneacht chrua roimhe seo, *Triticum durum*, agus is é *Triticum turgidum* L. subsp. *durum* (Desf.) van Slageren an t-ainm nua atá aici. Rinneadh athbhreithniú ar an ainm luibheolaíoch a bhí ar speilt, *Triticum spelta* L., agus is é *Triticum aestivum* L. subsp. *spelta* (L.) Thell. an t-ainm nua atá aici anois. Mar iarmhairt ar speilt a bheith ina fospeiceas den chruithneacht, rinneadh an grúpa plandaí darbh ainm *Triticum aestivum* L a athainmniú i gcomhréir le rialacha an Chóid Idirnáisiúnta um Ainmníocht le haghaidh algaí, fungas agus plandaí agus is é *Triticum aestivum* L. subsp. *Aestivum* an t-ainm nua atá aige.

(4) Níor foilsíodh go bailí an t-ainm luibheolaíoch a bhí ar shorgam Súdánach, *Sorghum sudanense* (Piper) Stapf„ agus is é *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse atá leagtha síos anois mar an t-ainm luibheolaíoch bailí ar an ngrúpa plandaí sin i gcomhréir le rialacha an Chóid Idirnáisiúnta um Ainmníocht le haghaidh algaí, fungas agus plandaí. Mar iarmhairt ar leibhéal tacsanomaíoch fospeicis sorgaim a bheith ag sorgam Súdánach, rinneadh athbhreithniú ar an ainm luibheolaíoch a bhí ar shorgam, *Sorghum bicolor* (L.) Moench, i gcomhréir le rialacha an Chóid Idirnáisiúnta um Ainmníocht le haghaidh algaí, fungas agus plandaí, agus is é *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *Bicolor*.. an t-ainm luibheolaíoch atá air anois.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 66/401/CEE agus 66/402/CEE a leasú chun na hathruithe sin a léiriú.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO 125, 11.7.1966, lch. 2298.
([2]) IO 125, 11.7.1966, lch. 2309.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Threoir 66/401/CEE

Leasaítear Treoir 66/401/CEE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2(1)(A)(a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú sainmhíniú déag:

"*Festuca trachyphylla* (Hack.) Hack.	Feisciú crua"

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Threoir 66/402/CEE

Leasaítear Treoir 66/402/CEE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2(1)(A) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ochtú sainmhíniú:

"*Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *bicolor*	Sorgam"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an naoú sainmhíniú:

"*Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse	Sorgam Súdánach"

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an aonú sainmhíniú déag:

"*Triticum aestivum* L. subsp. *aestivum*	Cruithneacht"

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dóú sainmhíniú déag:

"*Triticum turgidum* L. subsp. *durum* (Desf.) van Slageren	Cruithneacht chrua (dúram)"

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú sainmhíniú déag:

"*Triticum aestivum* L. subsp. *spelta* (L.) Thell.	Speilt"

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú sainmhíniú déag:

"*Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *bicolor* x *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse	Hibridí a eascraíonn as crosphórú *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *bicolor* agus *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse"

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II agus III i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo.

Airteagal 3

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Eanáir 2022 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2022.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 5

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuid A – Leasuithe ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 66/401/CEE

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal cholún 7 sa tábla i bpointe I(2)(A), agus in ionad cheannteideal cholún 5 sa tábla i bpointe II(2)(A):

"*Elymus repens*".

Cuid B – Leasuithe ar Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Treoir 66/402/CEE

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (*) a ghabhann leis an tábla:

"(*) Sna réimsí inar fadhb chrosphailnithe ar leith é *S. halepense* a bheith ann nó *S. bicolor* subsp. *Drummondii* a bheith ann, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) na barra a úsáidtear chun bunsíol *Sorghum bicolor* subsp. *bicolor* nó a hibridí a tháirgeadh, ní mór iad a choinneáil leithlisithe fad nach lú ná 800 m ó fhoinse ar bith de phailin éillitheach den sórt sin;

(b) na barra a úsáidtear chun síol deimhnithe *Sorghum bicolor* subsp. *bicolor* nó a hibridí a tháirgeadh, ní mór iad a choinneáil leithlisithe fad nach lú ná 400 m ó fhoinse ar bith de phailin éillitheach den sórt sin";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:

"5. Barra chun síol deimhnithe hibridí de *Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Oryza sativa, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta* agus x*Triticosecale* féinphailnitheach a tháirgeadh, agus barra chun síol deimhnithe hibridí de *Hordeum vulgare* a tháirgeadh trí bhíthin teicníc nach steirilíocht fhireann chíteaplasmach í

(a) Comhlíonfaidh an barr na caighdeáin seo a leanas a mhéid a bhaineann le fanacht slán ó fhoinsí pailine gar dó a bhféadfadh pailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe a theacht astu:

— is é 25 m fad íosta na comhpháirte baininne ó aon chineál eile den speiceas céanna seachas ó bharr den chomhpháirt fhireann,

— is féidir neamhaird a dhéanamh ar an bhfad sin más rud é go mbeidh cosaint leordhóthanach ann ar aon phailniú coimhthíoch neamh-inmhianaithe;

(b) Beidh féiniúlacht agus íonacht leordhóthanach ag an mbarr a mhéid a bhaineann le saintréithe na gcomhpháirteanna.

I gcás ina dtáirgfear síol trí oibreán ceimiceach hibridithe a úsáid, comhlíonfaidh an barr na caighdeáin nó na coinníollacha eile seo a leanas:

(i) is mar seo a leanas a bheidh íonacht cineál íosta gach comhpháirte:

— *Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Oryza sativa,Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum* agus *Triticum aestivum* subsp. *spelta*: 99,7 %,

— x*Triticosecale* féinphailnitheach: 99,0 %;

(ii) ní mór an chros-síolracht íosta a bheith socraithe ag 95 %. Déanfar measúnú ar an gcros-síolracht chéatadáin i gcomhréir leis na modhanna idirnáisiúnta atá ann faoi láthair, a mhéid arb ann dóibh. I gcásanna ina gcinnfear an chros-síolracht le linn na tástála síolta roimh an deimhniúchán, ní gá an chros-síolracht a chinntiú le linn an iniúchta allamuigh.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7(B)(a):

"(a) le haghaidh *Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Oryza sativa, Phalaris canariensis,* x*Triticosecale, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta, Secale cereale*: aon cheann amháin;";

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (A):

"A. ***Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Oryza sativa, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta* seachas hibridí i ngach cás:**

Catagóir	An íonacht cineál íosta (%)
Bunsíol	99,9
Síol deimhnithe, an chéad ghlúin	99,7
Síol deimhnithe, an dara glúin	99,0

Déanfar scrúdú ar an íonacht cineál íosta go príomha le linn na n-iniúchtaí allamuigh a dhéanfar i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (C):

"C. **Hibridí de *Avena nuda, Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Oryza sativa, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta*, agus x*Triticosecale* féinphailnitheach**

Is é 90 % a bheidh san íonacht cineál íosta le haghaidh síol den chatagóir "síol deimhnithe".

I gcás *Hordeum vulgare* a tháirgfear trí bhíthin steirilíocht fhireann chíteaplasmach, is é 85 % a bheidh san íonacht cineál íosta. Ní sháróidh na heisíontais seachas an t-athneartóir 2 %.

Déanfar scrúdú ar an íonacht cineál íosta le linn tástálacha iar-rialaithe oifigiúla ar chion iomchuí samplaí.";

(b) sa tábla i bpointe 2(A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála sa tríú sraith de cholún 1:

"*Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta*:";

(3) In Iarscríbhinn III leasaítear an tábla mar a leanas:

(i) sa tríú sraith den chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála:

"*Avena sativa, Avena strigosa, Hordeum vulgare, Triticum aestivum* subsp. *aestivum, Triticum turgidum* subsp. *durum, Triticum aestivum* subsp. *spelta, Secale cereale,* x*Triticosecale*";

(ii) sa séú sraith den chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála:

"*Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *bicolor*";

(iii) sa seachtú sraith den chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála:

"*Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse";

(iv) san ochtó sraith den chéad cholún, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála:

"Hibridí de *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *bicolor* x *Sorghum bicolor* (L.) Moench subsp. *drummondii* (Steud.) de Wet ex Davidse".